# Foghlaim faoin Dlí

McCANN FITZGERALD



mccannfitzgerald.com

## Ar chuir tú ceist riamh conas a dhéantar an dlí, céard a tharlaíonn sna cúirteanna, nó cén fáth a bhfuil dlíthe againn?



Tá cónaí orainn i dtír iontach ina bhfuil ceann de na córais dlí is fearr ar domhain againn.  Mar sin ba mhaith linn cabhrú leat foghlaim faoin gcóras sin.

Shíleamar go mbeadh suim agat fáil amach conas atá sé a bheith ag obair i gcomhlacht mhór dlíodóirí, ionas go mbeidh tú in ann tuiscint a fháil ar na réimsí éagsúla dlí lena mbímid ag plé in McCann FitzGerald.

Tá roinnt fíricí suimiúla caite isteach againn agus ní fheadair, seans go rachaidh tú ag obair sa chóras dlí lá éigin chun cabhrú le daoine eile cothrom na Féinne a bhaint amach.

**Tá tú cliste agus mar sin nuair a bheidh an leabhrán gairid seo léite agat, beidh tuiscint agat ar**

- **An chaoi a ndéantar an dlí in Éirinn**
- **Na cúirteanna éagsúla agus na rudaí a bhíonn ar siúl iontu**
- **Abhcóidí agus an chaoi ina ndéantar argóintí i gcás dlí**
- **Aturnaetha agus an chaoi a gcabhraíonn siad lena gcuid cliant**

# An Dlí

**Tráth na gCeist**

Cén fáth a bhfuil Bunreacht againn in Éirinn?

Is éard atá sa dlí ná sraith rialacha a rialaíonn an chaoi ina mairimid. Mar gheall air seo, caithfidh an dlí daoine a chosaint agus caithfidh sé bheith cothrom agus soléir, ionas gur féidir le daoine a gcuid freagrachtaí a thuiscint.




Is iomaí foinse dlí atá againn sa tír seo. Bíonn ar dhlíodóirí in Éirinn tuiscint a bheith acu ar dhlíthe Éireannacha, Eorpacha agus idirnáisiúnta ionas gur féidir leo comhairle chruinn chiallmhar a thabhairt dá gcliant agus cásanna a thabhairt os comhair na cúirte.

**Bunreacht na hÉireann**

Is cáipéis an-tábhachtach é Bunreacht na hÉireann a bhronnann cearta riachtanacha ar shaoránaigh na hÉireann. Mar gheall ar an mBunreacht, tá an-chuid cearta agatsa nach féidir a bhaint uait go dleathach.




Caithfear reifreann a reáchtáil chun an Bunreacht a athrú. 'Reifreann' a ghlaotar ar an bpróiséas nuair a iarann an Rialtas ar mhuintir na hÉireann vóta a chaitheamh ar son, nó i gcoinne, an athraithe Bhunreachtúil atá molta ag an Rialtas.

**An raibh sé seo ar eolas agat?**

Tá Bunreacht na hÉireann i bhfeidhm ó 1937.

Má dhearbhaíonn breitheamh go bhfuil dlí ar leith míbhunreachtúil, bíonn ar an Rialtas dlí nua a achtú in áit an dlí sin.

**Focal Casta**

Míbhunreachtúil: Dlí nach ndéanann cosaint ar chearta na ndaoine mar is cóir.

**TRÁTH NA GCEIST**
Cén chaoi an dtagann dlíthe nua i bhfeidhm in Éirinn?

# Reachtaíocht



Tithe an Oireachtais suite i dTeach Laighean

## Is é an tOireachtas a achtaíonn dlíthe nua sa tír seo.




Nuair a thoghtar daoine mar Theachtaí Dála, bíonn sé mar dhualgas orthu labhairt amach ar son dáilcheantair agus cabhrú le Teachtaí Dála eile cinntí tábhachtacha a dhéanamh. Mas rúd é go bhfuil Teachta Dála mar bhall de pháirtí Rialtais, bíonn deis aige moltaí reachtaíochta nua a chur chun cinn. 'Billí' a thugtar ar na moltaí reachtaíochta seo.
Muna bhfuil Teachta Dála mar bhall de pháirtí polaitíochta Rialtais, deirtear go bhfuil said 'sa bhFreasúra" agus bíonn an fhreagracht orthu súil a choinneáil ar chinntí an Rialtais. Bíonn an rogha ag gach Teachta Dála vóta a chaitheamh ar son nó i gcoinne Billí nua.



Dáil Éireann

Dá mbeadh ort dlí nua a achtú, cén sort dlí a roghnófá?

Déanann 'Seanadóirí' mionscrúdú ar Bhillí an Rialtais. Muna cheapann na Seanadóirí go bhfuil Bille ar leith fiúntach, is féidir leo leo cinnte a dhéanamh de nach ndéanfar dlí as.



Seanad Éireann

**Focal Casta**

Mionscrúdú: Staidéar cúramach a dhéanamh ar rud ar leith chun a chinntiú go bhfeidhmíonn sé i gceart.



Uachtarán na hÉireann,
Michael D. Higgins

## An Chaoi a nDéantar Dlí as Bille

Bíonn ar an Dáil agus ar an Seanad glacadh le bille sula ndéantar dlí as. Toisc go mbíonn an-chuid diaspóireachta sa Dáil agus sa Seanad maidir le billí nua, tógann sé go leor ama dlí nua a achtú.
Nuair a ghlacann an Dáil agus an Seanad leis an mbille, déanann Uachtarán na hÉireann an bille a shíniú.
Nuair a dhéanann an tUachtarán é seo, is féidir 'Acht' a ghlaoch ar an dlí nua.

**An raibh sé seo ar eolas agat?**
Cuireann an tOireachtas thart ar 40 Acht nua i bhfeidhm gach bliain.

**Foghlaim a thuilleadh**
www.oireachtas.ie/ga/visit-and-learn/how-parliament-works/how-laws-are-made/



## Conas a phléann an Rialtas le cúrsaí dlí agus cirt?

Tá go leor ranna Rialtais ann agus pléann siad ar fad le gnéithe éagsúla den tsochaí. Tá freagracht ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais as gach gné de choras dlí agus cirt na hÉireann, agus tá an tAire Dlí agus Cirt i gceannas ar an Roinn. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an tAire freagrach as na rudaí seo ar fad:



**Na Cúirteanna**




**Coireanna**



**Na Príosúin**



**Dlíthe nua a dhréachtú**



**Comhionannas**



**Inimirce**




**Saoránacht**



Charlie Flanagan An tAire Dlí agus Cirt

Seo iad príomhghnéithe an chóras dlí agus cirt in Éirinn, agus tá ardmheas ar chóras dlí agus cirt na hÉireann ar fud an domhain. Caithfidh córas maith dlí agus cirt a bheith cóir agus cothrom do gach duine agus cearta na ndaoine a chosaint. Is é Charlie Flanagan an tAire Dlí agus Cirt faoi láthair.

# Dlí Eorpach

Tá Éire mar bhall den Aontas Eorpach (an "tAE") in éineacht le 27 tír eile. Oibríonn tíortha (nó 'ballstáit') an AE le chéile chun cúrsaí polaitíochta, soisialta agus eacnamaíochta na hEorpa a dhéanamh níos fosa, níos fearr agus níos sábháilte dá gcuid saoránach.





Le gur féidir leis an AE feidhmiú mar is cóir, tá dlíthe Eorpacha ann atá i bhfeidhm i ngach tír san AE. Tá roinnt luachanna aontaithe idir na ballstáit atá tábhachtach ó thaobh an chaoi ina mbímid ag plé lena chéile agus an chaoi ina ndéanaimid cearta ár gcuid saoránach a chosaint. Is saoránaigh de chuid an AE iad saoránaigh na hÉireann.

**Focal Casta**


**Luachanna: an chaoi ina ndéanaimid cinneadh faoi na rudaí atá tábhachtach dúinn sa saol.**

Céard iad na cearta tábhtacha atá agatsa?

Déanann Parlaimint na hEorpa an dlí Eorpach. Toghann muintir na mballstát éagsúil baill na Parlaiminte. Tá 13 feisire Eorpach againn in Éirinn.

**Tráth na gceist**

An féidir leat trí bhallstát AE eile a ainmniú?




**Foghlaim a thuilleadh**

https://europarl.europa.eu/portal/ga

**Tráth na gceist**
Ainmnigh trí bhealach ina bhfuil feabhas tagtha ar ár saol in Éirinn mar gheall ar an dlí.

# Dlíthe an AE in Éirinn

Chomh maith le briethiúnas a dhéanamh ar dhlíthe a dhéantar anseo in Éirinn, caithfidh cúirteanna na hÉireann breithiúnas a dhéanamh ar dhlíthe an AE. Tá roinnt mhaith dlíthe tábhachtacha Eorpacha i bhfeidhm in Éirinn, mar shampla:

## Cearta maidir le comhionannas pá

Is minic nach bhfaigheann mná agus fir an pá céanna cé go ndéanann said an obair chéanna. Déanann dlí an AE cinnte de go bhfuil sé de cheart ag mná pá cothrom a fháil don obair a dhéanann said agus is féidir leo dul chun na cúirte chun seasamh air go bhfaighidh said an pá ceart.

## Eolas pearsanta a chosaint

Gach uile uair a mbaineann tú úsaid as fón póca nó iPad, cruthaíonn tú eolas pearsanta a nglaoimid 'sonraí' air. Tá an-luach ar an eolas seo toisc go dtugann sé an-chuid eolais phearsanta - mar shampla na rudaí a thaitníonn leat nó nach dtaitníonn leat, no fiú an áit ina bhfuil tú - do dhaoine eile. Déanann dlíthe an AE cinnte de go bhfuil cosaint agat maidir le d'eolas pearsanta ionas go mbeidh tú slán sábháilte.

## Ag cabhrú le gardaí agus póilíní coiriúlacht a fhiosrú

Tá sé an-tábhachtach do phóilíní i mballstáit an AE go roinnfidh na ballstáit eile eolas leo agus iad ag fiosrú coiriúlachta. Tá an dlí Eorpach an-chabhrach ón taobh seo - mar shampla, tugann sé cead do phóilíni duine a bhogadh ó bhallstát amháin go dtí ballstát eile ina gcuirfear an dlí air má cheaptar go bhfuil coir déanta ag an duine sin.

**Tráth na gceist**
An féidir leat na cearta tábhachtacha atá agat mar shaoránach Éireannach a ainmniú?

**Tráth na gCeist**
Cén t-ainm atá ar an gcomhaontú idirnáisúnta maidir leis an athrú aeráide?



# An dlí ar fud an domhain

Tá dlíthe idirnáisiúnta i bfheidhm ar fud an domhain agus, ó am go ham, caithfear iad a chur i bhfeidhm i gcúirteanna na hÉireann.

Glaoimid 'Conradh' ar chomhaontas a dhéanann rialtais lena chéile. Caithfidh tíortha cloí leis an méad atá scríofa sa chonradh má tá siad ag iarraidh gnó a dhéanamh le tíortha ele. Tá conarthaí déanta ag an AE le go leor tíortha éagsúla timpeall an domhain.

**Focal Casta**

**Conradh: Comhaontú idir thíortha éagsúla ina n-aontaíonn na tíortha sin rudaí áirithe a dhéanamh ar bhealach ar leith.**

**An raibh sé seo ar eolas agat?**
Tá níos mó ná 60,000 conradh idirnáisiúnta i bhfeidhm ar fud an domhain.

**Comhaontú Pháras**

Tá Comhaountú Pháras sínithe ag 195 tír ar fud an domhain chun iarracht a dhéanamh an téamh domhanda a ísliú agus deireadh a chur leis an athrú aeráide. Is sampla é seo de chonradh idirnáisiúnta. Cabhróidh tíortha a chloíonn leis an gcomhaontú seo an pláinéad a choinneáil slán. Tá Comhaontú Pháras sínithe ag gach tír san AE.



# Na Cúirteanna in Éirinn

Tá cúig chúirt éagsúil i gcóras cúirteanna na hÉireann. Tugtar cásanna sibhialta agus cásanna coiriúla os comhair cúirteanna éagsúla, ag braith ar an gcás.



Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla

**Cásanna Sibhialta**

Is féidir cás sibhialta a thabhairt os comhair na cúirte nuair a tá aighneas ann idir chomhlachtái, no daoine, maidir le, mar shampla, cúrsaí airgid, cúrsaí talaimh nó cúrsaí clainne.

**Focal Casta**

**Aighneas: Easaontas nó argóint.**

**Cásanna Coiriúla**

Eagraíonn an Stát cás coiriúl nuair a chuirtear i leith duine go bhfuil cion coiriúil déanta aige. Bíonn ar ghiúiré cinneadh a dhéanamh maidir le cionntacht an duine sin ag braith ar an bhfianaise atá cloiste acu.

**An raibh sé seo ar eolas agat?**

Bíonn 12 duine ar ghiúire, cé nach mbíonn gá le giúire i ngach cás. Má roghnaítear tú le bheith mar bhall de ghiúire, bíonn ort éisteacht go cúramach leis an bhfianaise agus cinntí deacra a dhéanamh.



Teach Cúirte Chill Chainnigh

**An Chúirt Dúiche**

Is cúirt an-ghnóthach í seo atá freagrach as réimse leathan mion-chásaí a chloisteáil. Tá 64 breitheamh dúiche ann agus is minic a bhíonn orthu breithiúnas a thabhairt ar na céadta cásanna laistigh de sheachtain amháin.

**Tráth na gceist**

Cé mhéad cineál cúirte éagsúla atá againn in Éirinn?

## An Chúirt Chuarda

Bíonn an chúirt seo ag déileáil la cásanna atá níos tromchúisí ná na cásanna a bhíonn os comhair na Cúirte Dúiche. Tá 43 breitheamh ar an gcúirt seo agus bíonn siad ag plé le cásanna sibhialta agus coiriúla.



Teach Cúirte Thulach Mhór

## An Ard-Chúirt

Tá an chúirt seo lonnaithe i mBaile Átha Cliath don chuid is mó. Tá Uachtarán na hArd-Chúirte i gceannas ar an gcúirt. Tá 36 gnáthbhreitheamh ar an gcúirt, agus tá an chumhacht acu cinneadh a dhéanamh maidir le cásanna casta sibhialta agus coiriúla. Tugtar an 'Príomh-Chúirt Choiriúil' ar an gcúirt nuair a bhíonn an chúirt ag plé le cúrsaí coiriúla. Nuair a thagann deireadh le cás sa chúirt seo, bíonn ar an mbreitheamh breithiúnas a scríobh a thabharfaidh míniú ar an gcinneadh atá déanta aige.

Más rud é nach n-aontaíonn páirtí le cinneadh ón gCúirt Chuarda, is féidir leo an cinneadh sin a chur os comhair na hArd-Chúirte. Más rud é nach n-aontaíonn an breitheamh san Ard-Chúirt leis an gcinneadh ón gCúirt Chuarda, is féidir leis an cinneadh a chur ar ceal. Ar an mbealach céanna, más rud é nach n-aontaíonn páirtí le cinneadh a dhéantar san Ard-Chúirt, is feidir an cinneadh sin a chur os comhair na Cúirte Achomhairc. Tá 15 breitheamh ar an gCúirt Achomhairc.



An tOnórach an Breitheamh Peter Kelly, Uachtarán na hArd-Chúirte

### Focal Casta

Páirtí: Ciallaíonn 'Páirtí' duine nó comhlacht atá bainteach le cás cúirte. Bíonn dhá pháirtí ar a laghad i ngach cás.

**Tráth na gceist**

Céard a dhéanann breithiúna?

### An raibh sé seo ar eolas agat?

Tá rannóg ar leith den Ard-Chúirt ann darb ainm an Chúirt Tráchtála. Le cás a thabhairt os comhair na cúirte seo, caithfidh comhlachtaí léiriú gur fiú os cionn €1,000,000 an aighneas atá idir na páirtithe!



Na Ceithre Cúirteanna

### An Chúirt Uachtarach

Is í an Chúirt Uachtarach an chúirt is tábhachtaí in Éirinn. Tá Príomh-Bhreitheamh na hÉireann i gceannas ar an gcúirt, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Tá naonúr gnáthbhreithiúna eile ar an gcúirt, agus bíonn siad ag dul i ngleic leis ná casanna is deacra sa tír.

Le bheith i do bhreitheamh, bíonn ort bheith foighneach agus go maith ag éisteacht le hargóintí casta maidir leis an dlí. Oibríonn gach breitheamh go dian agus glacann siad mionn nuair a cheaptar iad go ndéanfadh siad a ndícheall a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh go cóir.

### An raibh sé seo ar eolas agat?

Rugadh Príomh-Bhreitheamh na hÉireann, Frank Clarke, i mBaile Átha Cliath agus tá céim ollscoille aige sa Mhata agus san Eacnamaíocht.

### Foghlaim a thuilleadh

https://beta.courts.ie/ga/how-the-court-works





# Aturnaetha

Is dlíodóirí atá ar Chlár na n-Aturnaetha iad aturnaetha. Liosta de dhaoine a bhfuil cead acu aturnae a ghlaoch orthu féin is ea é Clár na nAturnaetha. Chomh maith le sraith scrúduithe a dhéanamh, caithfear dhá bhliain a chaitheamh ag traenáil chun cáiliú mar aturnae.



Caitheann aturnaetha an-chuid ama ag caint lena gcuid cliant faoi fhadhbanna na gcliant agus ag iarraidh bealaí éagsúla a oibriú amach chun réiteach cóir a fháil ar na fadhbanna sin. Is iomaí fadhb atá an-chasta ó thaobh an dlí de. Mar gheall air sin, caithfidh go leor eolais a bheith ag aturnaetha maidir leis an dlí agus an chaoi ina n-oibríonn na cúirteanna ionas go mbeidh said in ann cabhair a thabhairt dá gcuid cliant. De ghnáth oibríonn aturnaetha i bpáirtíocht, rud a chiallaíonn go dtagann roinnt aturnaetha le chéile chun a gcuid gnó a dhéanamh in éindí. I bpáirtíocht, caithfidh muinín a bheith agat as do pháirtithe go ndéanfaidh gach duine acu a chuid gnó mar is ceart agus go mbeidh gach duine acu an-chúramach le hairgead na gcliant.

**Tráth na gCeist**

Cén chaoi ar féidir cáilíocht mar aturnae a bhaint amach?

**Focal Casta**

Réiteach: bealach fadhb a dheisiú.

Tá tomhais éagsúla ar chomlachtaí dlíodóirí. I gcomhlachtaí beaga caithfidh go leor rudaí éagsúla a bheith ar eolas ag na haturnaetha, mar shampla conas teach a dhíol, nó uacht a scríobh ionas go mbeidh daoine in ann teach nó roinnt airgid a fhágáil dá gclann, nó airgead a fháil do dhaoine tar éis dóibh bheith gortaithe i dtimpiste. I gcomhlachtaí móra is minic a bhíonn a lán eolais ag aturnaetha maidir le réimse áirithe dlí agus oibríonn said le go leor aturnaetha agus saineolaithe eile chun cabhrú le cuideachtaí móra a gcuid gnó a dhéanamh.

**Tráth na gCeist**
Ainmnigh trí chumas atá tábhachtach d'abhcóidí.



# Abhcóidí

Is dlíodóirí iad abhcóidí a théann os comhair cúirte chun cásanna a phléadáil ar son a gcuid cliant. Caitheann siad róbaí speisialta dubha agus uaireanta caitheann siad peiriúic chomh maith! Rinne an chuid is mó de na habhcóidí atá ag obair in Éirinn a gcuid traenála in Óstaí an Rí i mBaile Átha Cliath. Bíonn cead ag abhcóidí dul ag obair ag Barra na hÉireann tar éis na traenála sin. Caitheann siad an chéad bhliain mar abhcóide ag obair le 'Máistir', abhcóide le seantaithí a thaispeánann don abhcóide cúnta conas argóint a dhéanamh sa chúirt, cásanna a ullmhú agus cáipéisí dlí a dhréachtú.



**Focal Casta**

Abhcóide: duine a dhéanann argóint i gcásanna cúirte.

Iarann aturnae ar abhcóide páirt a ghlacadh i gcás cúirte. Bíonn idir abhcóidí sinsearacha agus abhcóidí sóisearacha ag obair sna cúirteanna. Déanann an t-abhcóide sóisir an-chuid oibre scríofa. De ghnáth, is iad na habhcóidí sinsearacha a dhéanann an chuid is mó den argóint sa chúirt agus bíonn cead acu suí chun tosaigh sa seomra cúirte. Go minic, cuireann siad ceisteanna ar fhinnéithe agus míníonn siad an dlí don bhreitheamh agus an chaoi ar cheart don bhreitheamh cinneadh a dhéanamh sa chás. Oibríonn abhcóidí go dian ar son a gcuid cliant. Caithfidh siad a bheith go maith ag labhairt, ag scríobh agus ag idirbheartaíocht chun torthaí maithe a bhaint amach dá gcuid cliant.

Cén scileanna atá tábhachtach don idirbheartaíocht?

# Ag obair i gcomhlacht mhór dlíodóirí

Is comhlacht mhór dlíodóirí í McCann FitzGerald atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Tá oifigí againn i Nua-Eabhrac, sa Bhruiséil agus i Londain chomh maith. Bímid ag obair le cliaint ó thíortha éagsúla ar fud an domhain. Tá 77 páirtí againn chomh maith le thart ar 630 duine ag obair sna hoifigí éagsúla. Tá saineolaithe againn in an-chuid réimsí dlí. Seo roinnt samplaí de na réimsí dlí sin:





**Airgeadas eitlíochta**
Bíonn ar aerlínte eitleáin a cheannach nó a thógáil ar cíos chun daoine a bhogadh timpeall an domhain. Tá foireann againn a dhíríonn go hiomlán ar chabhair a thabhairt d'aerlínte íoc as a gcuid eitleán.



**Eastát réadach**
Féach timpeall ort i mBaile Átha Cliath agus feicfidh tú craeneacha agus suíomhanna tógála i ngach áit! Tá grúpa dlíodóirí againn atá an-eolach faoi gach rud maidir le talamh agus foirgnimh a dhíol agus a cheannach, nó foirgnimh a thógáil ar thalamh de chuid ár gcliant.



**Díospóidí**
Go minic bíonn go leor airgid i gceist nuair a bhíonn ar chliaint linn dul chun cúirte. Is breá lenár ndlíodóirí réiteach díospóidí a bheith páirteach i gcásanna an-chasta agus is minic a bhíonn siad ag plé le dlíodóirí ó thíortha eile.



**Corparáideach**
Tá a lán cineál cuideachtaí ann agus tá dlíthe speisialta i bhfeidhm maidir leis an gcaoi a gcaithfidh siad a gcuid gnó a dhéanamh. Tugann ár bhfoireann chorparáideach comhairle ar imeachtaí casta gnó, mar shampla má tá cuideachta á díol nó á ceannach nó má táthar ag athrú na rialacha maidir leis an gcaoi a ndéanann cuideachta a cuid gnó.

Ar mhaith leat dul ag obair mar abhcóide, mar aturnae nó mar bhreitheamh?

# Teicneolaíocht

## Teicneolaíocht a úsáid chun difear a dhéanamh

In McCann FitzGerald bímid i gcónaí sa tóir ar bhealaí nua chun cabhrú lenár gcuid cliant. An raibh a fhios agat go mbaineann comhlachtaí dlíodóirí agus cúirteanna úsáid as teicneolaíocht in go leor bealaí éagsúla?

Uaireanta i gcás cúirte caithfidh aturnaetha dul i ngleic leis na milliúin cáipéisí a dhéanann cur síos ar eolas nó fíricí a dhéanfadh difear do thoradh an cháis. Bainimid úsáid as meaisíní ar féidir leo eolas a aimsiú go héasca agus cabhrú linn cinneadh a dhéanamh cén t-eolas atá úsáideach agus cén t-eolas nach bhfuil úsáideach. Bíonn cúrsaí níos simplí agus níos sciobtha mar gheall air seo agus cabhraíonn sé airgead a shábháil don chliant chomh maith.

Tá modhanna éagsúla á dtabhairt isteach ag na cúirteanna chun cúrsaí a dhéanamh níos fearr agus níos tapúla, ar nós cead a thabhairt d'aturnaetha cáipéisí a sheoladh isteach chuig oifig na gcúirteanna ar an idirlíon.

Is féidir le finnéithe a gcuid fianaise a thabhairt trí nasc físe, rud a chiallaíonn nach gcaithfidh siad a bheith sa seomra cúirte chun a scéal a insint don bhreitheamh.

In ionad conarthaí a scríobh amach arís agus arís eile, bainimid úsáid as teicneolaíocht chun conarthaí a chur le chéile. Is féidir lenár gcliaint an teicneolaíocht sin a úsáid iad féin ionas nach mbeidh orthu teacht chugainn ag lorg comhairle go dtí go mbeidh rud éigean an-chasta le plé acu.